**Céim ar Chéim:** Is féidir aon bhriathar nó ainmfhocal a úsáid sna ceachtanna seo. Is deis iontach é na téarmaí ***Briathar***, ***Ainmfhocal*** agus an ***Modh Ordaitheach/Ceisteach*** a chur os comhair na scoláirí.

Is féidir dul céim ar aghaidh agus iarraidh ar na scoláirí ***ainmfhocal*** a roghnú nó ***briathar*** a roghnú iad féin

| <u>**Ceacht a 1**</u> | <u>**Ceacht a 2**</u> | <u>**Ceacht a 3:**</u> | <u>**Ceacht a 5**</u> |
|---|---|---|---|
| **Briathra:**<br>**Seas, Siúil, Oscail, Dún.**<br>**Ainmfhocail: Doras, suíochán** | **Briathra:**<br>**Ardaigh, Croith, Ísligh**<br>**Ainmfhocal: Lámh** | **Briathra:**<br>**Dún, Oscail**<br>**Ainmfhocail: Béal, Súil.** | **Briathra: Siúil, Oscail, Iompaigh, Tar, Suigh**<br>**Ainmfhocal: Fuinneog, Cathaoir** |
| Dírigh isteach ar ordú a thabhairt.<br>Iarr ar scoláire an t-ordú a thabhairt :<br><br>Scoláirí: "Seas suas"<br>Seasann an múinteoir suas<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Scoláirí: "Sheas tú suas"<br>Dírigh isteach ar an aimsir chaite<br><br>Iarr ar scoláire ordú eile a thabhairt :<br>Scoláirí: "Siúil go dtí an doras"<br>Siúlann an múinteoir go dtí an doras<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Scoláirí: "Shiúil tú go dtí an doras"<br><br>Iarr ar scoláire ordú eile a thabhairt :<br>Scoláirí: "Dún/oscail an doras"<br>Dúnann/Osclaíonn an múinteoir an doras<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Scoláirí: "Dhún tú an doras/D'oscail tú an doras".<br>Lean ar aghaidh leis an bpróiseas seo.<br><br><u>Foirm cheisteach</u><br>Múinteoir**:**<br>**"Ar** oscail mé an doras**?"**<br>**Scoláirí: "D'oscail/Níor oscail".**<br><br>**Múinteoir:**<br>**"Ar** Dhún mé an doras**?"**<br>**Scoláirí: "Dhún/Níor dhún"**<br><br>Dírigh isteach ar conas a chuirtear ceist san aimsir chaite – Ar? Níor (-) | Díriú isteach ar mhíniú briathair. – Bogann briathar – Caithfidh duine a bheith ceangailte leis an mbriathar le go mbogfaidh sé – Mé, tú, sé, sí, Muid, Sibh, Siad<br>Múinteoir: "Ardaígí na lámha, croithigí na lámha, íslígí na lámha".<br><br>Iarr ar scoláire na horduithe a thabhairt don mhúinteoir. Ag gach céim, cur ceist ar na scoláirí cad a tharla.<br><br><u>Foirm cheisteach</u><br>Múinteoir:<br>**"Ar** ardaigh mé mo lámh**?"**<br>Scoláirí: **"D'**ardaigh**/Níor** ardaigh**".**<br><br>Múinteoir:<br>**"Ar** Chroith mé mo lámh**?"**<br>Scoláirí: "**C**h**roith/Níor** chroith"<br><br>Dírigh isteach ar conas a chuirtear ceist san aimsir chaite | Lean ort le scoláirí difriúla ag tabhairt ordú don mhúinteoir.<br>Díriú isteach ar conas a chuirtear ceist san aimsir chaite.<br><br><u>Foirm cheisteach</u><br>Múinteoir:<br>**"Ar** oscail mé mo bhéal**?"**<br>Scoláirí: **"D'**oscail**/Níor** oscail**".**<br><br>Múinteoir:<br>**"Ar** D**h**ún mé mo shúile**?"**<br>Scoláirí: "D**h**ún**/Níor** d**h**ún"<br><br><u>**Ceacht a 4**</u><br><br>**Briathra:**<br>**Bain, Leag, Suigh, Lig**<br>**Ainmfhocal: Hata, Tábla, Cathaoir, Osna**<br><br>Dírigh isteach ar mé, tú, sé/sí & mo, do, a, a.<br><br>Lean ort le scoláirí difriúla ag tabhairt ordú don mhúinteoir.<br><br><u>Foirm cheisteach</u><br>Múinteoir:<br>**"Ar** Bhain mé **mo** c**h**óipleabhar amach as **mo** m**h**ála**?"**<br>Scoláirí: **"Bhain/Níor bhain".**<br>Múinteoir: **"Ar** leag tú an cóipleabhar ar an mbord**?**<br>Scoláirí: "**Leag/Níor leag"**<br><br>Múinteoir: **"Ar** Lig mé osna asam**?"**<br>Scoláirí: "**Lig/Níor lig"** | Iarr ar scoláire ordú eile a thabhairt :<br>Scoláirí: "Siúil go dtí an fhuinneog"<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Scoláirí: "Shiúil tú go dtí an fhuinneog"<br>Scoláirí: "Oscail an fhuinneog"<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Scoláirí: "D'oscail tú an fhuinneog"<br>Iarr ar scoláire ordú eile a thabhairt :<br>Scoláirí: "Iompaigh thart"<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Scoláirí "D'iompaigh tú thart".<br>Iarr ar scoláire ordú eile a thabhairt :<br><br>Scoláirí: "Tar ar ais"<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Scoláirí: "Tháinig tú ar ais"<br>Iarr ar scoláire ordú eile a thabhairt<br><br>Scoláirí: "Oscail do leabhar"<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Scoláirí: "D'oscail tú do leabhar"<br><br>Iarr ar scoláire ordú eile a thabhairt :<br>Scoláirí: "Suigh síos"<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Scoláirí: "Shuigh tú síos"<br><br>Díriú isteach ar an urú<br>Iarr ar scoláire ordú eile a thabhairt :<br>Scoláirí: "Leag **do** c**h**óta ar an gcathaoir"<br>Leagann an múinteoir <u>a c</u>h<u>óta</u> (fir) ar an gcathaoir<br>Múinteoir "Cad a tharla?"<br>Leag tú do chóta ar an gcathaoir". |